2026/2243

12.10.2026

CINNEADH (CBES) 2026/2243 ÓN gCOMHAIRLE

an 9 Deireadh Fómhair 2026

lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2020/472 maidir le hoibríocht mhíleata de chuid an Aontais Eorpaigh sa Mheánmhuir (EUNAVFOR MED IRINI)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 42(4) agus Airteagal 43(2) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 31 Márta 2020, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2020/472 ([1]), lenar bunaíodh oibríocht mhíleata de chuid an Aontais Eorpaigh sa Mheánmhuir (EUNAVFOR MED IRINI).

(2) An 11 Márta 2025, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2025/488 ([2]), lenar cuireadh síneadh le EUNAVFOR MED IRINI go dtí an 31 Márta 2027.

(3) An 25 Bealtaine 2026, chuaigh Rún 2292 (2016) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe ('CSNA') in éag. Leis an Rún sin, údaraíodh Stáit, ag gníomhú dóibh go náisiúnta nó trí eagraíochtaí réigiúnacha, cigireacht a dhéanamh ar an mórmhuir amach ó chósta na Libia ar aon soithí a raibh forais réasúnacha acu chun a chreidiúint go raibh airm nó ábhar gaolmhar á n-iompar iontu chuig an Libia nó ón Libia, go díreach nó go hindíreach, de shárú ar thrádbhac arm na Náisiún Aontaithe ar an Libia.

(4) An 14 Iúil 2026, i gcomhthéacs an Athbhreithnithe Straitéisigh ar an oibríocht, chomhaontaigh an Coiste Polaitiúil agus Slándála síneadh 2 bhliain a chur le EUNAVFOR MED IRINI go dtí an 31 Márta 2029.

(5) Ina theannta sin, ba dhíol sásaimh don Choiste Polaitiúil agus Slándála an treoir a leagtar amach san Athbhreithniú Straitéiseach chun cúraimí reatha na hoibríochta a eagrú, mar chuid de chur chuige comhtháite an Aontais, maidir le trí phríomhról.

(6) Ba cheart Cinneadh (CBES) 2020/472 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Cinneadh (CBES) 2020/472 mar a leanas:

(1) in Airteagal 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. Leis seo, bunaíonn agus seolann an tAontas oibríocht mhíleata bainistithe géarchéime a bhfuil sé mar chuspóir polaitiúil aici leasanna an Aontais sa Mheánmhuir a chosaint agus cur leis an tsíocháin agus leis an gcobhsaíocht sa Libia.';

([1]) Cinneadh (CBES) 2020/472 ón gComhairle an 31 Márta 2020 maidir le hoibríocht mhíleata de chuid an Aontais Eorpaigh sa Mheánmhuir (EUNAVFOR MED IRINI) (IO L 101, 1.4.2020, lch. 4, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2020/472/oj).

([2]) Cinneadh (CBES) 2025/488 ón gComhairle an 11 Márta 2025 lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2020/472 maidir le hoibríocht mhíleata an Aontais Eorpaigh sa Mheánmhuir (EUNAVFOR MED IRINI) (IO L, 2025/488, 12.3.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2025/488/oj).

(2) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 2 go hAirteagal 5:

‘*Airteagal 2*

Sainordú

Agus na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 1(1) á saothrú aige, déanfaidh EUNAVFOR MED IRINI an méid seo a leanas, de réir a acmhainne agus a chumas:

(a) leasanna an Aontais sa Mheánmhuir a chaomhnú trí chosaint agus díspreagadh inchreidte;

(b) rannchuidiú le cur chun feidhme na rún ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe chun tacú leis an tsíocháin agus leis an gcobhsaíocht sa Libia; agus

(c) comhpháirtíochtaí Meánmhara a chothú trí fhothú acmhainneachta agus oiliúint, agus trí thaidhleoireacht chabhlaigh, mar chuid de chur chuige comhtháite an Aontais.

Airteagal 3

Leasanna an Aontais sa Mheánmhuir a chaomhnú trí chosaint agus díspreagadh inchreidte

1. Rannchuideoidh EUNAVFOR MED IRINI le Feasacht Staide Mhuirí maidir le gníomhaíochtaí aindleathacha, arna leathnú a thuilleadh i dtreo Feasacht Staide Muirí, chun gníomhaíochtaí aindleathacha agus bagairtí ar shlándáil, ar shábháilteacht agus ar leasanna eacnamaíocha an Aontais a bhrath, faireachán a dhéanamh orthu agus iad a thuairisciú. Baileoidh EUNAVFOR MED IRINI faisnéis a bheidh úsáideach don phleanáil theagmhasach freisin.

2. Rannchuideoidh EUNAVFOR MED IRINI le srian a chur ar “Shadow Fleet” na Rúise, mar a shainmhínítear i Rún A.1192(33) ó Thionól na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta (EMI) a glacadh an 6 Nollaig 2023, i gcomhréir le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige agus le rialacháin idirnáisiúnta, trí chur chuige ar a dtugtar “an bealach iomlán”.

3. Tacóidh EUNAVFOR MED IRINI le cosaint an Bhonneagair Mhuirí Chriticiúil, d’fhonn feabhas a chur ar fheasacht staide muirí agus ar fheasacht ar réimsí muirí, lena n-áirítear trí thrialacha agus trí réitigh theicneolaíocha don chosaint mhuirí a imscaradh ar bhonn píolótach.

4. Rannchuideoidh EUNAVFOR MED IRINI le bac a chur ar shamhail ghnó na líonraí smuigleála agus gáinneála ar dhaoine. Chuige sin, cabhróidh EUNAVFOR MED IRINI le brath na líonraí smuigleála agus gáinneála ar dhaoine agus le faireachán a dhéanamh orthu trí bhailiú faisnéise agus patrólú arna ndéanamh le hacmhainní aeir ar an mórmhuir, sa Limistéar Oibríochtaí a comhaontaíodh.

5. Féadfar an fhaisnéis a bhailítear i gcomhthéacs na gcúraimí a leagtar amach i míreanna 1 go 4 a stóráil agus a scaoileadh chuig údaráis ábhartha na mBallstát agus chuig comhlachtaí inniúla an Aontais, agus, más infheidhme, chuig ECAT, agus i gcomhthéacs cúraim a leagtar amach i mír 4, chuig Painéal Saineolaithe na Náisiún Aontaithe maidir leis an Libia.

6. Tuairisceoidh EUNAVFOR MED IRINI don Choiste Polaitiúil agus Slándála maidir le gach saincheist agus gach teagmhas a bhaineann le gníomhaíochtaí, amhail cigireachtaí nó cuairteanna chun an bhratach a fhíorú, agus na cúraimí a leagtar amach i míreanna 1 go 4 á ndéanamh aige. Féadfaidh an Coiste Polaitiúil agus Slándála aon bheart ina dhiaidh sin a bhreithniú de réir mar is iomchuí.

Airteagal 4

Rannchuidiú le rúin ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe a chur chun feidhme mar thaca leis an tsíocháin agus leis an gcobhsaíocht sa Libia

1. Rannchuideoidh EUNAVFOR MED IRINI le cur chun feidhme thrádbhac arm na Náisiún Aontaithe ar an Libia a bunaíodh faoi Rún 1970 (2011) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe agus faoi Rúin ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe ina dhiaidh sin, trí gháinneáil aindleathach ar airm chuig an Libia nó ón Libia a thuairisciú agus a dhíspreagadh. Chun na críche sin, baileoidh EUNAVFOR MED IRINI faisnéis, le sócmhainní aeir, satailíte, muirí agus sócmhainní eile, maidir le gáinneáil ar airm agus ar ábhar gaolmhar ó gach treo (lena gcuimsítear bealaí farraige, aeir agus talún) agus roinnfidh siad í le comhpháirtithe agus gníomhaireachtaí ábhartha, ar bhonn cás ar chás agus ar bhonn riachtanais eolais, trí na sásraí sna doiciméid phleanála ábhartha agus i gcomhréir le hAirteagal 14.

2. Rannchuideoidh EUNAVFOR MED IRINI le cur chun feidhme bhearta na Náisiún Aontaithe i gcoinne onnmhairiú aindleathach peitriliam ón Libia. Déanfaidh EUNAVFOR MED IRINI gníomhaíochtaí faireacháin agus faireachais agus baileoidh sé faisnéis ar onnmhairithe aindleathacha peitriliam ón Libia, lena n-áirítear amhola agus táirgí peitriliam scagtha, atá contrártha le Rún 2146 (2014) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe agus le Rúin ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe ina dhiaidh sin, agus roinnfidh sé í le comhpháirtithe agus gníomhaireachtaí ábhartha ar bhonn cás ar chás agus ar bhonn riachtanais eolais, trí na sásraí sna doiciméid phleanála ábhartha agus i gcomhréir le hAirteagal 14

3. Féadfar an fhaisnéis a bhailítear i gcomhthéacs na gcúraimí a leagtar amach i míreanna 1 agus 2 a stóráil agus a chur ar fáil d'údaráis ábhartha na mBallstát agus do chomhlachtaí inniúla an Aontais, agus do Phainéal Saineolaithe na Náisiún Aontaithe maidir leis an Libia agus, más infheidhme, d'údaráis ábhartha na Libia.

4. Tuairisceoidh EUNAVFOR MED IRINI don Choiste Polaitiúil agus Slándála maidir le gach saincheist agus gach teagmhas a bhaineann le gníomhaíochtaí, amhail cigireachtaí nó cuairteanna chun an bhratach a fhíorú, agus na cúraimí a leagtar amach i míreanna 1 agus 2 á ndéanamh aige. Féadfaidh an Coiste Polaitiúil agus Slándála aon bheart a dhéanfar ina dhiaidh sin a bhreithniú de réir mar is iomchuí.

Airteagal 5

Comhpháirtíochtaí Meánmhara a chothú trí fhothú acmhainneachta agus oiliúint agus trí thaidhleoireacht chabhlaigh, mar chuid de chur chuige comhtháite an Aontais

1. Saothróidh EUNAVFOR MED IRINI gníomhaíochtaí fothaithe acmhainneachta agus oiliúna mar thaca le hinstitiúidí na Libia atá freagrach as forfheidhmiú an dlí mhuirí agus as Cuardach agus Tarrtháil ar muir, agus tionscadail fhadtéarmacha inbhuanaithe á lorg ag an am céanna. Cuirfear an cúram sin i gcrích i Limistéar Oibríochtaí comhaontaithe EUNAVFOR MED IRINI nó i gcríoch Ballstáit, arna iarraidh sin don Bhallstát sin. Ina theannta sin, féadfar an cúram sin a dhéanamh ar chríoch na Libia, lena n-áirítear i bhfarraige theorann na Libia, nó ar chríoch tríú Stát óstach nó i bhfarraige theorann an tríú Stát óstach sin atá comharsanach leis an Libia, i gcás ina gcinnfidh an Coiste Polaitiúil agus Slándála amhlaidh tar éis don Chomhairle measúnú a dhéanamh arna iarraidh sin don Libia nó don stát óstach lena mbaineann, agus i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta. Chun críche an chúraim sin, bunóidh agus oibreoidh EUNAVFOR MED IRINI sásra faireacháin i ndlúthchomhar le páirtithe leasmhara ábhartha eile, lena n-áirítear sa Libia más gá.

2. Cuirfidh EUNAVFOR MED IRINI ardán ar fáil don chomhar slándála muirí sa Mheánmhuir agus fiosróidh sé, trí thaidhleoireacht chabhlaigh agus trí ghníomhartha cabhlaigh, deiseanna lasmuigh den Libia chun tríú tíortha leasmhara eile a áireamh sa réigiún, amhail an Éigipt, an Túinéis agus an Liobáin.

3. I gcás chur i bhfeidhm na gcúraimí dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2, féadfaidh EUNAVFOR MED IRINI an fhaisnéis sin, lena n-áirítear sonraí pearsanta, a bailíodh chun críche na nósanna imeachta grinnfhiosrúcháin maidir le hoiliúnaithe féideartha a bhailiú, a stóráil agus a mhalartú le húdaráis ábhartha na mBallstát, le comhlachtaí inniúla an Aontais, le Misean Tacaíochta na Náisiún Aontaithe sa Libia, le INTERPOL, leis an gCúirt Choiriúil Idirnáisiúnta agus le Stáit Aontaithe Mheiriceá, ar choinníoll go mbíonn a dtoiliú tugtha i scríbhinn acu. Thairis sin, féadfaidh EUNAVFOR MED IRINI faisnéis riachtanach leighis agus sonraí bithmhéadracha riachtanacha ar oiliúnaithe a bhailiú agus a stóráil ar choinníoll go mbíonn a dtoiliú tugtha i scríbhinn acu.';

(3) in Airteagal 10, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

'4. Déanfaidh EUNAVFOR MED IRINI aonad faisnéise coireachta a óstáil ina mbeidh foireann ó údaráis ábhartha forfheidhmithe dlí na mBallstát agus ó ghníomhaireachtaí de chuid an Aontais dá dtagraítear i mír 3, d'fhonn fáil, bailiú agus tarchur faisnéise a éascú, lena n-áirítear sonraí pearsanta, maidir le smuigleáil agus gáinneáil ar dhaoine dá dtagraítear in Airteagal 3, maidir leis an trádbhac arm ar an Libia agus le honnmhairithe mídhleathacha peitriliam ón Libia dá dtagraítear in Airteagal 4, agus le coireanna is ábhartha do shlándáil na hoibríochta.';

(4) in Airteagal 13, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

'6. Don tréimhse ón 1 Aibreán 2027 go dtí an 31 Márta 2029, EUR 16 880 000 a bheidh sa mhéid tagartha do chostais choiteanna EUNAVFOR MED IRINI. 0 % do ghealltanais agus 0 % d'íocaíochtaí a bheidh sa chéatadán den mhéid tagartha dá dtagraítear in Airteagal 51(2) de Chinneadh (CBES) 2021/509 (*).

(*) Cinneadh (CBES) 2021/509 ón gComhairle an 22 Márta 2021 lena mbunaítear Saoráid Eorpach Síochána, agus lena n-aisghairtear Cinneadh (CBES) 2015/528 IO L 102, 24.3.2021, lch. 14, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2021/509/oj).';

(5) in Airteagal 14, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 8, 9 agus 10:

'8. Beidh sé d'údarás ag an Ardionadaí na socruithe is gá a chur i gcrích chun na forálacha maidir le cur amach nó malartú faisnéise sa Chinneadh seo a chur chun feidhme.

'9. I gcomhréir le Roinn VII d'Iarscríbhinn VI a ghabhann le Cinneadh 2013/488/AE, féadfaidh an tArdionadaí na húdaruithe a thabhairt d'oifigigh SEGS, do Cheannasaí Oibríochta an Aontais Eorpaigh nó do Cheannasaí Fórsa an Aontais Eorpaigh chun faisnéis a chur amach nó a mhalartú, chomh maith leis an gcumas na socruithe dá dtagraítear sa Chinneadh seo a chur i gcrích.

10. Leis seo, údaraítear do EUNAVFOR MED IRINI an fhaisnéis, seachas sonraí pearsanta, a bailíodh maidir le gníomhaíochtaí neamhdhleathacha nó neamhúdaraithe agus maidir le teagmhais amhrasta neamh-chomhlíonta le trádbhac arm na Náisiún Aontaithe ar an Libia dá bhforáiltear i Rún 1970 (2011) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe agus i Rúin dá cuid ina dhiaidh sin, chomh maith leis an bhfaisnéis a bailíodh maidir le teagmhais amhrasta nach gcomhlíonann bearta na Náisiún Aontaithe chun onnmhairiú aindleathach peitriliam ón Libia a chosc dá bhforáiltear i Rún 2146 (2014) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe agus i Rúin dá cuid ina dhiaidh sin, a chomhroinnt le Painéal Saineolaithe na Náisiún Aontaithe.';

(6) in Airteagal 15, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

'2. Tiocfaidh deireadh le EUNAVFOR MED IRINI an 31 Márta 2029.'.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an dáta a nglacfar é.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 9 Deireadh Fómhair 2026.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

S. HARRIS